# Na dúshláin a bhaineann le reáchtáil ionad cúram leanaí lán-Ghaeilge i gceantar Gaeltachta

## 1. Réamhrá

Cuideachta neamhspleách de chuid Chomharchumann Shailearna Teo. é Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo. (nó an ITT) a reachtálann seirbhís chúram leanaí sa gCrann Taca, Indreabhán i gCo. na Gaillimhe. Sa mbliain 2009 a osclaíodh an t-ionad agus é mar aidhm go mbeadh sé ina ionad tacaíochta teaghlaigh dóibh siúd a bhí 'ag tógáil a gclann le Gaeilge...’. Faoi láthair baineann tuairim is 100 teaghlach úsáid as na seirbhísí éagsúla atá ar fáil sa gCrann Taca, idir naíolann (c.30 páiste), naíonra (c.46 páiste) agus seirbhís iarscoile (c.70 páiste). Thart ar 23 duine atá fostaithe ann idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha.

Pléifear anseo thíos na fadhbanna atá ag an Ionad i dtaca le 3 phríomhréimse:

1) Maoiniú agus Airgeadas
2) Foireann agus cáilíochtaí
3) Polasaí Teanga – agus is é seo an chloch is mór ar an bpaidrín, an chúis go bhfuil ionad chomh breá sin againn i gCois Fharraige – agus an t-ádh orainn é a bheith againn – le foireann chumasach, dhíograiseach, fhuinniúil – ach ionad nach bhfuil a phoitséinseal iomlán á bhaint amach aige faoi láthair, is é sin tacaíocht a thabhairt do pháistí óga an Ghaeilge a shealbhú mar theanga dhúchais, saor ó bhrú an Bhéarla.

## 2. Maoiniú & Airgeadas

Nuair a bunaíodh an Crann Taca, frítheadh €2.7m ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (80% den mhaoiniú) agus fágadh faoin mBord Stiúrtha an 20% (c.€700,000) sa mbreis a fháil chun cur leis sin. Le scéal fada a dhéanamh gearr, níor bailíodh an t-airgead sin. Frítheadh iasacht de €350,000 ón eagraíocht Clann Credo agus tá timpeall €260,000 de sin fós amuigh ar an Ionad. Tá an tIonad ag crágáil leis ó shin, ag dul ó ghéarchéim go géarchéim, ag brath ar airgead chuile bhliain ón gComharchumann (agus, ag pointe amháin,

iasacht ó Thearmann Éanna, ionad do dhaoine aosta sa gceantar). Íocann muid €18,000 le Clann Credo sa mbliain, ús den chuid is mó, tá muid ag cailleadh c.€30,000 sa mbliain agus tá an 20% sin nár bailíodh ina bhró mhuilinn timpeall ár muiníl le beagnach deich mbliana anois. (Tá scoil náisiúnta nua glan as an bpíosa tógtha cúpla céad slat siar an bóthar ar chostas cibe méid milliún a bhí air ach ní fhaca mé gur fágadh faoi bhord bainistíochta na scoile 20% den chostas sin a bhailiú.)

Is ionad an-mhór é an Crann Taca, chomh mór le scoil. Tá níos mó daoine fostaithe ann ná mar atá sa scoil náisiúnta áitiúil. Tá barrchostais thar a bheith ard ar an áit, ó thaobh leictreachais, teasa, béilithe do na páistí agus bus go dtí an scoil ón Ionad agus ar ais go dtí an tIonad arís tar éis na scoile.

I mbeagán focal, tá an t-ualach fiacha atá ar an gCrann Taca agus deontas reachtála atá róbheag ag cur cosc orainn an fhís a bhí ag lucht a bhunaithe a chur i gcrích – mar ní ionad cúram leanaí amháin a bhí i gceist leis an gCrann Taca tráth a bhunaithe ach ionad tacaíochta teaghlaigh a chuimseodh raon leathan gníomhaíochtaí a chuirfeadh bonn ceart faoi bhuanú agus iompar na Gaeilge i gCois Fharraige.

**3. Foireann & Cáilíochtaí**

Táthar ag súil go mbeadh an dream atá ag obair sa gCrann Taca ina gcúntóirí teanga chomh maith le bheith ina gcúramóirí – ach níl an oiliúint atá orthu ná a bpá ag teacht leis an dá dhualgas éagsúla sin. Jab sách deacair é bheith ag obair san earnáil chúram leanaí ach nuair a leagtar cúram breise teanga anuas air sin, bíonn a bpá saothraithe go maith ag an dream atá ag obair ann – agus is pá suarach go maith é, gan é mórán os cionn an íosphá náisiúnta, mar nach bhfuil muid in acmhainn tada níos fearr a íoc leo.

Maidir le hoiliúint na foirne, tháinig casadh nua sa scéal ag deireadh 2016. Chaithfeadh cúramóirí cáilíocht Fetac leibhéal 5 a bheith acu feasta dá mba mhian leo leanacht ar aghaidh san Ionad. Anuraidh, 2017, b'éigean seachtar a scaoileadh chun bealaigh mar nach raibh siad cáilithe a thuilleadh maidin Dé Luain don obair a bhíodar a dhéanamh an Aoine roimhe sin. Tá sé thar a bheith deacair ní hamháin daoine cáilithe le Gaeilge a fháil chun dul

ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha san Ionad agus go háirithe daoine a fháil a bheadh sásta líonadh isteach nuair atá daoine amuigh tinn – rud a tharlaíonn minic go leor in ionad chomh mór le foireann mhór. Sa gcás sin bíonn ar an mbainisteoir líonadh isteach rud a chuireann leis an ualach trom atá uirthi cheana féin. Agus ar ndóigh bíonn impleachtaí aige seo ar chúrsaí laethanta saoire agus eile.

Cáilíocht Fetac leibhéal 5 atá ag teastáil chun dul ag obair sa naíolann, agus cáilíocht leibhéal 6 don naíonra. Tá muid thar a bheith imníoch go dtiocfaidh riachtanais nua isteach le haghaidh na seirbhíse iarscoile rud a chuirfeadh dris eile chosáin romhainn. Ach ní easpa cáilíochtaí an t-aon fhadhb atá againn: má théann duine ar aghaidh le cáilíocht Fetac leibhéal 7 a bhaint amach, ansin tá siad cáilithe le bheith ina gcúntóir riachtanais speisialta sna scoileanna – mar a bhfuil an phá níos fearr, na coinníollacha beagán níos éasca, agus íoctar pá le linn saoire. Tá muid thíos leis arís.

Lena rá go gonta, is gá gairm tharraingteach a dhéanamh de phost an chúramóra leanaí Gaeltachta – agus is ionann sin agus go mbeadh níos mó airgid ina bpóca. Cén fáth, mar shampla, nach bhfaigheadh cúramóirí leanaí sa nGaeltacht an stádas speisalta cánach a fuair mná tí na gcoláistí samhraidh tamall de bhlianta ó shin (ach modúl a bheith déanta acu sa sealbhú teanga)? Más buan mo chuimhne, cúrsaí cultúrtha an t-údar a bhí leis sin: is é sin go raibh mná tí ag seachadadh na teanga chuig glúin eile, d'aontaigh an Stát leis sin agus bronnadh stádas spesialta ó thaobh cánach orthu de dá réir. Nach shin an obair cheannann chéanna atá ar siúl sa gCrann Taca? Ach anseo is chuig gasúir óga na Gaeltachta féin atá an teanga á seachadadh seachas gasúir na Galltachta. Nach aisteach an rud é gurbh iad gasúir na Gaeltachta an t-aon dream sa tír nach bhfuil in ann tairbhe a bhaint as dearcadh fabhrach seo an Stáit?

**4. Polasaí Teanga**

Ainneoin gur ceantar láidir Gaeltachta é Cois Fharraige agus é i gCatagóir A, tá fadhbanna móra teanga ag teacht anuas sa mullach orainn. Tá muid an-ghar do bhaile mór na Gaillimhe agus de réir mar atá an chathair ag fás, tá tuilleadh daoine ón taobh amuigh ag cur fúthu sa gceantar – ach ní shealbhaíonn ach duine amháin as gach cúigear díobh sin an teanga.

Ó sé mhí go cúig bliana an aois chriticiúil le haghaidh teanga a fhoghlaim, go háirithe i gcás mionteanga atá i mbaol. Faoin am go sroicheann an gasúr an tumoideachas nuair a thosaíonn siad ag an scoil ag cúig bliana, tá sé ródheireanach.

Anois, tá fáilte roimh chuile ghasúr sa gCrann Taca ach bíonn impleachtaí ag gasúir as cúlra difriúla teanga i gceist in ionad cúram leanaí Gaeltachta. Má chuirtear gasúir nach bhfuil acu ach Gaeilge sa seomra céanna le gasúr atá dátheangach, abraimis, is éard a tharlós – agus tá an fhianaise agus an taighde uilig ar aon fhocal faoi seo – go n-iompóidh na gasúir aonteangacha Gaeilge seo ar an mBéarla. Rud a fhágfas gur ionad ar son scaipeadh an Bhéarla atá sa seomra sin. Is é atá déanta sa gCrann Taca mar sin, agus cleachtas é seo a théann siar go dtí bunú Naíonra Chois Fharraige beagnach fiche bliain ó shin, dhá sheisiún naíonra a chur ar bun: ceann do na gasúir nach bhfuil acu ach Gaeilge (nó, mar a chuir muid é, gasúir arbh í an Ghaeilge a dteanga nádúrtha cumarsáide agus spraoi 60-70% den am); agus seisiún eile do na gasúir dhátheangacha. Agus tar éis gur tharraing sé conspóid, tá ag éirí go maith leis. Na gasúir sin a bhí sa seisiún lán-Ghaeilge, ar déagóirí anois iad, trí Ghaeilge atá a gcuid sósialaithe fós, ar scoil, ar an bpáirc, sa gclub óige. Tá an toradh le feiceáil go soiléir sa gcaighdéan ata le cloisteáil sna comórtais ag Oireachtas na Gaeilge. Ábhar mór dóchais an líon tuismitheoirí ata tar éis cinneadh coinsiasach a dhéanamh an Ghaeilge a chothú mar chéad teanga ón gcliabhán. Tá údar dóchais againn sa gceantar seo faoi láthair. Deagóirí atá bródúil agus ard oilte le ceol, amhráin agus aisteoireacht.

Ba mhaith linn go nglacfaí go hoifigiúil leis go bhfuil modhanna sealbhaithe teanga den chineál seo ceadaithe ag an Stát agus nach mbeadh eagraíochtaí stáit ag ceistiú ár gcur chuige nó, fiú, ag cur inár gcoinne.

**5. Clabhsúr**

Tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí gur naíonra i gceantar Gaeltachta atá sa gCrann Taca seachas naíonra i Ros Comáin, abair, agus go bhfuil dúshláin iomlán difriúla le sárú againne seachas mar atá ag naíonra i gcúinne halla pobail áit éigin i lár tíre. Is é croí na faidhbe, dar linn, nach bhfuil an stádas céanna ag an réamhscolaíocht Ghaeltachta is atá á thabhairt do

na scoileanna Gaeltachta. Go leor de na deacrachtaí atá luaite thuas againn, ní thiocfadh ann dóibh dá mbeadh an tacaíocht agus an t-aitheantas cuí á thabhairt ag an stát don réamhscolaíocht Ghaeltacha, idir mhaoiniú, cháilíochtaí foirne agus thar aon ní eile, aitheantas go bhfuil gá le tacaíocht bhreise do chainteoirí óga dúchais nó eile.

Fágtar fúinn féin é, coiste deonach, polasaithe a chur i dtoll a chéile a chinnteodh gur áis tacaíochta a bheadh sa gCrann Taca dóibh siúd atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge i gceantar atá faoi bhrú. Agus uaireanta bíonn deacrachtaí móra againnn é sin a dhéanamh. In éagmais tacaíocht ón Stát, fúinne a fhágtar é an taighde a dhéanamh, an fhianaise a bhailiú, dul i gcomhairle le saineolaithe lena chinntiú gur chun tairbhe agus leasa na ngasúr agus na teanga na polasaithe atá muid a chur i bhfeidhm. Caitear cathanna a throid arís agus arís eile de réir mar a athraíonn coiste s'againn féin nó go deimhin baill aonair foirne san iliomad áisíneacht stáit a mbíonn plé ag an Ionad leo.

Agus sin fadhb eile atá againn: an lear mór eagraíochtaí ón taobh amuigh a mbíonn plé ag an gCrann Taca leo nach bhfuil aon tuiscint acu ar a lárnaí agus atá cúrsaí teanga san Ionad. Ní ann don Ghaeilge, feictear dúinn go minic, chomh fada agus a bhaineann sé le leithéid Tusla mar shampla, agus go minic is ag brath ar dhea-thoil daoine aonair sna heagraíochtaí sin atá dea-fheidhmiú na bpolasaithe atá againn.[1]

**Croí an Scéil**

Cinneadh réabhlóideach a bhí i mbunú an Chrann Taca i gCois Fharraige: ionad tacaíochta teaghlaigh a d'aithin an baol a bhí ann sa gceantar go n-imeodh an teanga chomh sciobtha céanna agus a d'imigh i mBearna agus naa Forbacha, agus a d'aithin go bhfuil cearta ag na Gaeil ar an bhforás pearsanta sa teanga atá acu. Chiallódh stádas oifigiúil don réamhscolaíocht Ghaeltachta nach gcaithfeadh muidne, coiste deonach, agus coistí eile ar ár nós féin, na hargóintí seo a dhéanamh arís agus arís eile, is é sin, go bhfuil ceart ar leith ag an gcainteoir óg dúchais Gaeilge sa nGaeltacht, ach go bhféadfadh muid a rá gurb é an Stát faoi ndear na polasaithe agus na nósanna imeachta, bunaithe ar thaighde agus ar

[1] Mar shampla, tá treoirleabhar ag Tusla i dtaca le plé le héagsúlacht cultúir agus teanga sna seirbhísí réamhscoile ach ní léirítear aon tuiscint sa treoirleabhar chéanna i dtaca le cás speisialta na Gaeltachta.

dhea-chleachtas, chun a chinntiú go mbeidh an óige ag labhairt na Gaeilge i gCois Fharraige le glúin eile. Mura n-aithníonn an stát an tábhacht atá leis seo, cén fáth a n-aithneodh an pobal nó tuismitheoirí an tábhacht atá lena leithéid? 'Mura gcuireann tú san earrach ní bhainfidh tú sa bhfómhar.' Is í an óige earrach na Gaeltachta agus tá sé de dhualgas ar ghlúin an lae inniu gach a bhfuil fágtha don síol dúchasach a chur agus a chothú i gcroí na hóige.

*Áine Nic Niallais*

*Bróna Ní Uallacháin*

*Lochlainn Ó Tuairisg*

*(thar ceann Bhord Stiúrtha Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo.)*